An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Miontuairiscí

Déardaoin 17 Samhain 2016

Tionóladh cruinniú den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in Institiúid Oideachais Marino ar an 17 Samhain 2016.

I láthair: Dónal Ó hAiniféin (DÓH) (Cathaoirleach), Yvonne Ní Mhurchú (YNM), Séamus Ó Fearraigh (SÓF), Seán Mac Nia (SMN), Robbie Cronin (RC), Dairíona Nic Con Iomaire (DNI), Aodh Mac Craith (AMC), Sinéad Nic Giolla Chainnigh (SNGC), Rita Nic Amhlaoibh (RNA)

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (MNM) (Príomhfheidhmeannach), Máire Nic an Rí (MNaR) (le miontuairiscí a ghlacadh)

Leithscéalta: Cathnia Ó Muircheartaigh, Elaine Ní Neachtain, Deirbhile Nic Craith.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Coimhlint Leasa	Ní raibh aon ní ar an gclár as a n-eascródh coimhlint leasa.	
2 (a) Miontuairiscí 29 Meán Fómhair 2016	Glacadh le miontuairiscí an 29 Meán Fómhair 2016 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
2 (b) Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár	Tuairiscíodh go raibh comhairle dlí faighte maidir le riachtanais iontrála na gColáistí Oideachais agus gur fúthu féin riachtanais iontrála a leagan síos mar go bhfuil gach institiúid ann féin neamhspléach. Moladh an cheist a chur faoi bhráid CHOICE.	An scéal maidir le riachtanais iontrála a ardú le CHOICE
3. Tuairisc an Chathaoirligh	**Cuireadh le bualadh leis an Aire Oideachais:** Fuarthas cuireadh don Chathaoirleach agus don phríomhfheidhmeannach bualadh leis an Aire Oideachais ar an 8 Nollaig. Clár molta: • Leasú ar an Acht Oideachais le	

	cead a bheith ag COGG daoine a fhostú • Feidhmiú an Pholasaí Oideachais Gaeltachta • Clár Teagaisc do Scoileanna Béarla - An tSeirbhís Tairisceana um Oideachais ag plé leis seo. • An Painéal ath-imlonnaithe • Caighdeán Iontrála na gColáistí Oideachais • Sonraíochtaí Gaeilge na Sraithe Sóisearaí • Uasdátú Shéideán Sí	Soiléiriú a fháil ón Roinn An cheist seo le plé leis an CPSMA agus INTO, chomh maith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.
4. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	• **Feidhmeannach Riaracháin** Tuairiscíodh nach bhfuil post an fheidhmeannaigh riaracháin líonta go fóill de bharr moill ar an gcóras atá ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. • **Séideán Sí** Tuairiscíodh go mbeidh ábhar digiteach Ranganna 3-6 réidh faoi mhí an Mhárta 2017. Cuirfear moltaí, ó cheardlann a reáchtáladh ag Comhdháil Gaeloideachais/COGG agus ó shuirbhé atá á dhéanamh ag an Gúm, san áireamh. Moladh tionscnamh poiblíochta a chur ar bun chun múinteoirí a dhíriú ar ais chuig Séideán Sí. Moladh iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cúrsa samhraidh in oiliúint agus athoiliúint a chur ar mhúinteoirí conas Séideán Sí a úsáid go héifeachtach sa rang.	Féidearthachtaí maidir le cúrsa samhraidh – Séideán Sí a iniúchadh

	Moladh gur chóir féidearthachtaí a iniúchadh maidir le hAipeanna a chruthú do chluichí Shéideán Sí chun dul i ngleic leis na fadhbanna a bhíonn ag scoileanna le leathanbhanda. • **Aistriú ón Iar-bhunscoil** Fáiltíodh roimh an moladh go ndéanfaí forbairt ar an suíomh www.saoloibre.ie le físeáin bhreise a fhoilsiú de dhaoine ag labhairt faoina rogha gairme ag tagairt dá dtaithí ag athrú ó iar-bhunscoil lán-Ghaeilge go hinstitiúid 3ú leibhéal Béarla. • **Dianchúrsaí Gaeilge 2017** Glacadh leis an moladh gur i Luimneach a bheidh Dianchúrsa 2017 agus gur in Iarthar Bhaile Átha Cliath a bheidh an cúrsa Gaeilge do Chúntóirí Riachtanais Speisialta. **Foilseacháin Nua** ❖ Activate Speech - Áiseanna don Teiripe Urlabhra agus Tacaíocht Foghlama ❖ Be Fair - acmhainn frithchiníochais ❖ Ábhar bolscaireachta - Irish for Parents ❖ Scéalta ón mBíobla ❖ Dónall Dána (5 leabhar) CIC ❖ Clasaicí Beaga - Leabhar Breac ❖ Nasc 7 - Eoghan Mac Cormaic ❖ Orla Uan ar Scoil - Oidhreacht Chorca Dhuibhne ❖ Bliain na nAmhrán – Futa Fata (ag teacht go luath)	Ionad le cinntiú i Luimneach Ionad le cinntiú do chúrsa do na Cúntóirí RSO

5. Tuairisc Airgeadais	Níor cuireadh Tuairisc Airgeadais faoi bhráid an chruinnithe ach cuireadh in iúl go raibh caiteachas COGG níos lú ná mar a bhíothas ag tuar de bharr nach bhfuil Riarthóir Oifige ag COGG ó mhí Lúnasa. Tá ciste d'fhorbairt an chláir Bhéarla imfhálaithe sa chiste.	
6. An Polasaí Oideachais Gaeltachta	Fáiltíodh roimh an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta. Gabhadh buíochas ar leith leis an Aire Richard Bruton as an bPolasaí a sheoladh agus luadh go ndearnadh an seoladh go hiomlán as Gaeilge. Tugadh aitheantas agus moladh do na cigirí ar fad a bhí páirteach sa Pholasaí. Moladh an Lá Oiliúna ar an Luathlitearthacht agus Luathuimhearthacht a reáchtáil COGG ar an 10 Samhain.	Soiléiriú le lorg ag an gcruinniú leis An Aire Bruton. Eolas a lorg maidir le tosaíochtaí agus cur i bhfeidhm na mbeartas atá sa pholasaí. Soiléiriú a fháil faoi na ceisteanna a ardaíodh
7. Iarratais ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	Pléadh iarratas ar mhaoiniú; aontaíodh gur chóir an t-iarratas a fhaomhadh, ar choinníoll go n-aithneofaí mar phíosa taighde aon uaire í agus go mbeadh tuairisc ar fáil maidir leis na buntáistí a bhaineann leis. Pléadh an tionchar a bheadh ag iallach a chur ar mhic léinn tabhairt faoi TEG ar luach na céime agus aontaíodh gur fiú soiléiriú a fháil.	Soiléiriú le fáil
8. Iarratais Eile ar Mhaoiniú	Pléadh iarratais eile ar mhaoiniú. Socraíodh maoiniú a thabhairt do ghrúpaí éagsúla.	

An chéad chruinniú eile	Socraíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile ar an 8 Nollaig in Institiúid Oideachais Marino ag 1.00 i.n.	

Síniú an Chathaoirligh:

_____ Dáta: _____

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach